

BUISEAD

2008

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Facs: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

(PRN A7/1710) Costas €2.00

Achoimre
ar
Bhearta Buiséid 2008
Athruithe Beartais

Tá an achoimre seo á foilsiú i nGaeilge. Tá an doiciméad iomlán i mBéarla le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie. I gcás aon difríocht idir na leaganacha sa dá theanga, cinnteoidh an Roinn Airgeadais an bhrí cheart atá i gceist agus ní bheidh aon dul thar an gcinntiú sin.

Achoimre de Bhearta Buiséid 2008 – Athruithe Polasáí

Clár

| | Leathanach |
|---|------------|
| ROINN I – BEARTA CÁNACHAIS | 7 |
| Athruithe Ar Cháin Ioncaim | 7 |
| Cáin Ioncaim Eile | 8 |
| Athruithe ÁSPC | 9 |
| CBL | 9 |
| Cánachas Maidir Le Carranna | 10 |
| Máil | 12 |
| Cánachas Feirmeoirí | 12 |
| Cáin Chorparáideach | 13 |
| Dleacht Stampála | 14 |
| Dleacht Stampála & Cáin Ghnóchan Caipitiúil | 15 |
| An Tionscal Iascaireachta | 15 |
| ROINN II – BEARTA CAITEACHAIS | 16 |
| Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh | 16 |
| An Grúpa Sláinte & Leanaí | 18 |
| Oideachas & Eolaíocht | 19 |
| An Grúpa Dlí Agus Cirt | 19 |
| Comhshaol, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil | 20 |
| Grúpa Cosanta | 21 |
| Grúpa Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta | 21 |
| Cumarsáid, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha | 22 |
| Grúpa Gnóthaí Eachtracha | 22 |
| Iompar | 23 |
| Talmhaíocht, Iascaigh & Bia | 23 |
| Fiontar, Trádáil & Fostaíocht | 24 |
| Grúpa Airgeadais | 24 |
| Grúpa Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta | 25 |
| Grúpa An Taoisigh | 25 |
| Clúdaigh Caipitil Ibhliantúla 2008–2012 | 26 |
| Athbhreithniú Éifeachtachta 2008 | 27 |

ROINN I – BEARTA CÁNACHAIS

ATHRUITHE AR CHÁIN IONCAIM

An Pacáiste Cánach Pearsanta

Seo a leanas na príomh-mhíreanna, mar aon leis na costais atá ag gabháil leo¹, den phacáiste cánach pearsanta, a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2008:

| Athruithe ar Cháin Ioncaim | Costas don Bhliain Iomlán €m | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|--|---|-------------------|-------------------|-----------------------|---------|---------|-------------------------------|---------|---------|--------------------|---------|---------|----------|--------|--------|----------|--------|--------|----------|--------|--------|----------|--------|--------|---------------|--|--|--------|--------|--------|------------------------|--------|--------|---------------------|--------|--------|-------------------|--|--|--------|------|------|-------|------|------|----|
| <p>Creidmheasanna Pearsanta ardaithe €70 singil/€140 pósta go dtí €1,830 singil/€3,660 pósta</p> <p>Creidmheas Cánach Fostaí ardaithe €70 go dtí €1,830</p> | 244 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| <p>Creidmheas Cánach Cúramóra Baile ardaithe €130 go dtí €900</p> | 12 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| <p>Bandaí Rátaí Caighdeánacha Nua ón 1 Eanáir 2008:</p> <table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 60%;"></th> <th style="text-align: center; width: 20%;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; width: 20%;"><u>Beartaithe</u></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Singil</td> <td style="text-align: center;">€34,000</td> <td style="text-align: center;">€35,400</td> </tr> <tr> <td>Pósta, Ioncam Amháin</td> <td style="text-align: center;">€43,000</td> <td style="text-align: center;">€44,400</td> </tr> <tr> <td>Pósta, Dhá Ioncam*</td> <td style="text-align: center;">€68,000</td> <td style="text-align: center;">€70,800</td> </tr> </tbody> </table> <p>* Le haistriú uasta idir céilí de €43,000 i 2007 agus €44,400 in 2008</p> | | <u>Reatha</u> | <u>Beartaithe</u> | Singil | €34,000 | €35,400 | Pósta, Ioncam Amháin | €43,000 | €44,400 | Pósta, Dhá Ioncam* | €68,000 | €70,800 | 266 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | <u>Reatha</u> | <u>Beartaithe</u> | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Singil | €34,000 | €35,400 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pósta, Ioncam Amháin | €43,000 | €44,400 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pósta, Dhá Ioncam* | €68,000 | €70,800 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| <p>Teorainneacha Díolúine Aoise (singil/pósta) ardaithe ó €19,000/€38,000 go dtí €20,000/€40,000</p> <table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 40%;">Creidmheasanna Eile ón 1 Eanáir 2008</th> <th style="text-align: center; width: 20%;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; width: 20%;"><u>Beartaithe</u></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Duine i mBaintreachas</td> <td style="text-align: center;">€550</td> <td style="text-align: center;">€600</td> </tr> <tr> <td>Tuismitheoir i mBaintreachas:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 1</td> <td style="text-align: center;">€3,750</td> <td style="text-align: center;">€4,000</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 2</td> <td style="text-align: center;">€3,250</td> <td style="text-align: center;">€3,500</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 3</td> <td style="text-align: center;">€2,750</td> <td style="text-align: center;">€3,000</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 4</td> <td style="text-align: center;">€2,250</td> <td style="text-align: center;">€2,500</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 5</td> <td style="text-align: center;">€1,750</td> <td style="text-align: center;">€2,000</td> </tr> <tr> <td>Daoine Dalla:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Singil</td> <td style="text-align: center;">€1,760</td> <td style="text-align: center;">€1,830</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Pósta (an bheirt dall)</td> <td style="text-align: center;">€3,520</td> <td style="text-align: center;">€3,660</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Leanbh Éagumasaithe</td> <td style="text-align: center;">€3,000</td> <td style="text-align: center;">€3,660</td> </tr> <tr> <td>Creidmheas Aoise:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Singil</td> <td style="text-align: center;">€275</td> <td style="text-align: center;">€325</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Pósta</td> <td style="text-align: center;">€550</td> <td style="text-align: center;">€650</td> </tr> </tbody> </table> | Creidmheasanna Eile ón 1 Eanáir 2008 | <u>Reatha</u> | <u>Beartaithe</u> | Duine i mBaintreachas | €550 | €600 | Tuismitheoir i mBaintreachas: | | | Bliain 1 | €3,750 | €4,000 | Bliain 2 | €3,250 | €3,500 | Bliain 3 | €2,750 | €3,000 | Bliain 4 | €2,250 | €2,500 | Bliain 5 | €1,750 | €2,000 | Daoine Dalla: | | | Singil | €1,760 | €1,830 | Pósta (an bheirt dall) | €3,520 | €3,660 | Leanbh Éagumasaithe | €3,000 | €3,660 | Creidmheas Aoise: | | | Singil | €275 | €325 | Pósta | €550 | €650 | 24 |
| Creidmheasanna Eile ón 1 Eanáir 2008 | <u>Reatha</u> | <u>Beartaithe</u> | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Duine i mBaintreachas | €550 | €600 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tuismitheoir i mBaintreachas: | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bliain 1 | €3,750 | €4,000 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bliain 2 | €3,250 | €3,500 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bliain 3 | €2,750 | €3,000 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bliain 4 | €2,250 | €2,500 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bliain 5 | €1,750 | €2,000 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Daoine Dalla: | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Singil | €1,760 | €1,830 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pósta (an bheirt dall) | €3,520 | €3,660 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Leanbh Éagumasaithe | €3,000 | €3,660 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Creidmheas Aoise: | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Singil | €275 | €325 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pósta | €550 | €650 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| <p>Tairseach an Tobhaigh Sláinte ardaithe ó €480 in aghaidh na seachtaine go dtí €500 in aghaidh na seachtaine agus ó €24,960 in aghaidh na bliana go dtí €26,000 in aghaidh na bliana</p> <p>Tá tairseach ÁSPC ardaithe ó €339 in aghaidh na seachtaine go dtí €352 in aghaidh na seachtaine.</p> | 23 13 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 582 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na príomh-mhíreanna cánach ioncaim sa phacáiste leagtha amach in Iarscribhinn A

¹ Costais slánaithe go dtí an €1 milliún is gaire i ngach cás de réir mar is cuí

CÁIN IONCAIM EILE

Faoiseamh Úis Mhorgáiste

Tá an uas-teorainn bhliantúil reatha ar an méid úis is féidir a cheadú ar mhorgáiste do chéad cheannaitheoirí á ardú le héifeacht ón 1 Eanáir 2008 ó €8,000/€16,000 singil/pósta go dtí €10,000/€20,000 singil/pósta. Beidh an faoiseamh ardaith ar fáil don chéad seacht mbliana dá bhfuil teidlíocht ar fhaoiseamh úis mhorgáiste ann dó.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €20 milliún in 2008 agus i mbliain iomlán.

Liúntas do Chíos a Íocann Tionóntaí Áirithe

Tá an leibhéal uasta cíosa a íoctar ar chóiríocht phríobháideach ar cíos ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh, ag an ráta caighdeánach cánach, á ardú. I gcás daoine faoi 55 bliana d'aois, tá sé á ardú ó €1,800 go dtí €2,000 in aghaidh na bliana do dhuine singil agus ó €3,600 go dtí €4,000 in aghaidh na bliana do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €400 in aghaidh na bliana do dhaoine singil agus €800 do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta faoi bhun 55 bliana d'aois.

I gcás daoine atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, tá an leibhéal uasta de chíos a íoctar ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh á ardú ó €3,600 go dtí €4,000 in aghaidh na bliana do dhuine singil agus ó €7,200 go dtí €8,000 in aghaidh na bliana do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €800 in aghaidh na bliana do dhaoine singil agus €1,600 in aghaidh na bliana do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta atá os cionn 55 bliana d'aois.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €7.0 milliún in 2008 agus €9.7 milliún i mbliain iomlán.

Scéim Seomra ar Cíos

Tá teorainn na díolúine ó cháin ioncam a bhaineann le cíos faighte, sa chás go ligean duine seomra nó seomraí ina príomh-áit/ina príomh-áit chónaithe phríobháideach, le hardú ó €7,620 go dtí €10,000.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €0.6 milliún in 2008 agus €0.8 milliún i mbliain iomlán.

Scéim um Fhairsingiú Gnó

Tá an riachtanas go gcaithfidh cuideachtaí athchúrsála cúnaimh deontais a bheith faighte acu sula mbainfidh siad leas as an Scéim um Fhairsingiú Gnó (SFG) le hathsholáthar le riachtanas go gcaithfidh gníomhaireacht fhorbartha thionsclaíoch nó Bord Fiontair Contae a moltaí gnó a dheimhniú sula mbainfidh siad leas as an scéim. Mar gheall gur cúnaimh Stáit ceadaith í an SFG, beidh sé riachtanach an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoin athrú molta seo.

Ní mheastar go mbainfidh costas suntasach leis an athrú seo.

Faoiseamh Cánach ar Bhallaíochtaí Ceardchumainn

Tá an liúntas cánach caighdeán-rátaithe i ndáil le ballraíochtaí a íocann comhaltáí ceardchumainn le hardú ó €300 go dtí €350 in aghaidh na bliana. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €70 in aghaidh na bliana.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €2.1 milliún in 2008 agus €2.9 milliún i mbliain iomlán.

Ardú ar na Rátaí Sonraithe maidir le hÍasachtaí Baile Tosaíochta agus Íasachtaí Eile

Gearrtar cáin ioncaim ar fhostaí a fhaigheann íasacht tosaíochta ar an difríocht idir an t-ús a íoctar agus an méid a bheadh iníoctha ag na rátaí “sonraithe” úis ar íasachtaí. Chun arduithe i rátaí úis a léiriú, tá an ráta sonraithe i ndáil le hiasachtaí baile á n-ardú ó 4.5% go dtí 5.5 % agus tá an ráta sonraithe i ndáil le hiasachtaí eile á n-ardú ó 12% go dtí 13%. Beidh feidhm leis na hathruithe sin ón 1 Eanáir 2008.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo €3 milliún in 2008 agus €4 milliún isteach i mbliain iomlán.

Saincheist Cánach an AE

Tar éis pléití leis an AE, leathnóidh an déileáil ó thaobh cánach le hioncam infheistíochta agus le hioncam is inchurtha le feidhmiú fostaíochtaí coigcríche lasmuigh den Stát chuig ioncam a fhaightear sa Ríocht Aontaithe. Leathnóidh an Bille Airgeadais an déileáil iomchuí ón 1 Eanáir 2008.

Meastar go gcosnóidh an beart seo thart ar €15 milliún in 2008 agus i mbliain iomlán.

Faoiseamh Scannáin S481 a Leathnú

Tá na forálacha reatha maidir leis an bhfaoiseamh cánach d’infheistíocht i scannáin le foirceannadh an 31 Nollaig 2008. Déanfar an scéim a athnuachan go ceann 4 bliana eile go dtí 31 Nollaig 2012. Déanfar foráil sa Bhille Airgeadais 2008 d’aon athbheithnithe a d’fhéadfadh a bheith riachtanach don scéim.

Meastar costas an bhirt seo a leathnú a bheith ag thart ar €37 milliún in aghaidh na bliana.

ATHRUITHE ÁSPC

Uasteorainn bhliantúil ÁSPC Fostaí

Ón 1 Eanáir 2008, ardóidh an uasteorainn ranníoca ÁSPC ó €48,800 go dtí €50,700.

Sin de réir na toimhde atá déanta don Ioncam ÁSPC mar atá leagtha amach sa Léargas RéamhBhuiséid.

Tairseach Sheachtainiúil ÁSPC Fostaí

Ón 1 Eanáir 2008, ardóidh tairseach sheachtainiúil fhostaí do dhliteanas ÁSPC ó €339 go dtí €352.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €11.5 milliún in 2008 agus €12.5 milliún i mbliain iomlán.

CBL

Tairseacha Clárúcháin CBL d’Fhiontair Bheaga agus d’Fhiontair Mheánmhéide

Tá na tairseacha clárúcháin CBL do ghnólachtaí beaga á n-ardú ó €35,000 go dtí €37,500 i gcás seirbhísí, agus ó €70,000 go dtí €75,000 i gcás earraí. Beidh éifeacht leis na harduithe sin ón 1 Bealtaine 2008. Laghdóidh sin an t-ualach riaracháin do ghnólachtaí beaga. Leis sin, d’fhéadfadh nach mbeadh ar thart ar 2,700 cuideachta CBL a íoc.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €10 milliún in 2008 agus €20.5 milliún isteach i mbliain iomlán.

Ráta CBL laghdaithe d'ionchuir talmhaíochta áirithe arna n-úsáid chun bithbhreosla a tháirgeadh

Laghdófar an ráta CBL ar sholáthar riosóm fhéar eilifinte, síolta, bleibíní, fréamhacha agus soláthairtí den sórt sin a úsáidtear do tháirgeadh talmhaíochta bhithbhreoslaí ó 21% go dtí 13.5% le héifeacht ón 1 Márta 2008. Cabróidh an beart seo le táirgeadh talmhaíochta bhreoslaí den sórt sin a fhorbairt.

Ní mheastar go mbainfidh costas suntasach leis an mbeart seo.

Athbhreithniú ar CBL ar idirbhearta Maoine

Tá athbhreithniú déanta ar an gcóras reatha maidir le CBL a ghearradh ar idirbhearta maoine. Déanfar foráil sa Bhille Airgeadais do chóras nua chun CBL a ghearradh ar idirbhearta maoine a thabhairt isteach. Tá na hathruithe ceaptha na rialacha i ndáil le CBL ar mhaoin a shimplú, fad a chinnteofar go ndéileálfar ar shlí níos cothroime le cáiníocóirí. Beidh feidhm leis na rialacha nua, atá leagtha amach in Iarscríbhinn E, i ndáil le maoin tráchtála agus chónaithe araon a sholáthraítear le linn gnó. Ní athrú ar an muirear CBL a ghearrtar ar dhíolacháin mhaoine cónaithe. Beidh éifeacht leis an gcóras nua ón 1 Iúil 2008.

Meastar gur éifeacht neodrach a bheidh ag tionchar na trí athrú ar an Státchiste.

Meicníocht chúl-mhuirir san Earnáil Thógála

Beidh meicníocht chúl-mhuirir ó thaobh CBL ar sholáthairtí a thugann fo-chonraitheoir do phríomh-chonraitheoir san earnáil thógála á tabhairt isteach le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2008. Is beart simplithe é seo. Beidh an beart seo ina ábhar comhchomhairle leis an earnáil thógála agus leagfar na mionsonraí amach sa Bhille Airgeadais.

Is toradh sreabhadh airgid aon uaire de €50 milliún measta in 2008 a bheidh mar thoradh ar an mbeart seo, ach ní mhéadóidh sé bille cánach foriomlán na gcáiníocóirí lena mbaineann.

CÁNACHAS MAIDIR LE CARRANNA

Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) chun leibhéal astuithe CO₂ a chur san áireamh níos mó

Úsáideann an córas CCF reatha méid an inill mar chritéar chun an ráta CCF atá le feidhmiú ar charr a chinneadh. Faoin gcóras CCF athbhreithnithe cuirfear astuithe CO₂ cairr in áit mhéid an inill mar chritéar chun an méid CCF a bheidh iníoctha ar an gcarr ag an gcéim chlárúcháin a chinneadh. Tarraingeoidh carranna le hastuithe níos ísle rátaí CCF laghdaithe agus dlifear rátaí níos airde ar charranna lena mbaineann astuithe níos airde. Leanfar leis na rátaí CCF a fheidhmiú le Pragas Díola an Mhargaidh Oscailte don charr. Beidh éifeacht leis an gcóras CCF athbhreithnithe ón 1 Iúil 2008.

Leagann an Tábla seo a leanas na Bandaí Astuithe CO₂ agus na rátaí CCF iomchuí faoin gcóras CCF athbhreithnithe amach.

| Bandaí Astuithe CO₂ | g CO₂/km | Rátaí CCF |
|---------------------------------------|----------------------------|------------------|
| A | 0 - 120g | 14% |
| B | 121 - 140g | 16% |
| C | 141 - 155g | 20% |
| D | 156 - 170g | 24% |
| E | 171 - 190 g | 28% |
| F | 191 - 225g | 32% |
| G | 226g agus os a chionn | 36% |

Tugtar tuilleadh eolais in Iarscríbhinn D.

Scéim Faoisimh Cánach Cláraithe Feithiclí (CCF) d’Fheithiclí Hibride Leictreacha agus Breosla Solúbtha agus Díolúine CCF d’Fheithiclí Leictreacha.

Rachaidh an scéim faoisimh CCF 50% reatha d’fheithiclí leictreacha hibride agus d’fheithiclí breosla solúbtha in éag an 31 Nollaig 2007. Tá an scéim á leathnú, san fhoirm a bhfuil sí anois ann, ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 30 Meitheamh 2008, nuair a chuirfear an scéim CCF athbhreithnithe atá bunaithe ar astuithe CO₂ i bhfeidhm. Ón 1 Iúil 2008 déanfar coigeartú ar an bhfaoiseamh do tháirgeadh sraithe carranna leictreacha hibride agus do charranna breosla solúbtha, chun faoiseamh suas le €2,500 ar an CCF iníoctha a sholáthar, chomh maith le leas an chórais nua CCF a bhaineann le hastuithe CO₂. Beidh feidhm leis an bhfaoiseamh seo go dtí 31 Nollaig 2010.

Beidh díolúine ó CCF ag carranna leictreacha táirgthe sraithe (i.e. carranna atá in ann oibriú ar cheallra in-athluchtaithe agus sin amháin) agus ag rothair leictreacha/rothair a úsáideann ceallra, le héifeacht ón 1 Eanáir 2008.

Liúntais Chaipitiúla (agus Speansais) do Charranna Gnó

Tá scéim athbhreithnithe de liúntais chaipitiúla agus speansais léasa do charranna arna n-úsáid chun críche gnó á tabhairt isteach. Déanfaidh an t-athbhreithniú nasc idir fáil ar liúntais agus speansais den sórt sin agus leibhéal astuithe CO₂ na bhfeithiclí. Cuirfear carranna i gcatagóirí de réir astuithe CO₂ agus beidh na bandaí astuithe ag teacht go mór leis an gcóras CCF nua, mar seo a leanas:

| Feithiclí i gCatagóir A | Feithiclí i gCatagóir B/C | Feithiclí i gCatagóir D/E | Feithiclí i gCatagóir F/G |
|-------------------------|---------------------------|---------------------------|---------------------------|
| 0-120g/km | 121-155 g/km | 156-190g/km | 191g/km + |

Bainfidh carranna a bhfuil leibhéal astuithe CO₂ i gCatagóirí A/B/C thuas leas as liúntais chaipitiúla ag an tairseach luach cairr reatha faoin scéim atá anois ann de €24,000, beag beann ar chostas an chairr. Gheobhaidh carranna i gCatagóir D/E liúntais 50% den tairseach luach cairr reatha nó 50% de chostas an chairr, má bhíonn sin níos ísle. Ní cháileoidh carranna i gCatagóir F/G do liúntais chaipitiúla.

Maidir le speansais léasa, bainfidh carranna i gcatagóir A/B/C leas as asbhaint níos airde go comhréireach ná na fíorspeansais léasa sa chás gurb ionann costas an chairr agus níos lú ná €24,000. Gheobhaidh carranna i gCatagóir D/E 50% de na speansais léasa a mbainfeadh siad leas astu faoin scéim reatha. Ní cháileoidh carranna i gCatagóir F/G d’asbhaint do speansais léasa.

Rachaidh an scéim athbhreithnithe i bhfeidhm i ndáil le carranna a cheannófar nó a gheofar ar léas an 1 Iúil 2008 nó ina dhiaidh sin.

Meastar gur éifeacht neodrach a bheidh ag tionchar na trí athrú seo ar an Státchiste.

Rátaí Mótarchánachais Nua agus Táillí do Phlátaí Ceadúnais Trádála

D’fhonn tacú le maoiniú d’údarais áitiúla, soláthraíonn an Buiséad d’arduithe ar rátaí mótarchánach agus ar tháillí do phlátaí ceadúnais trádála. Chuaigh an t-ardú is déanaí ar rátaí mótarchánach i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2004. Is díol suntais é, mar sin, go ndearnadh an t-ardú sin ceithre bliana ó shin.

Is 9.5% do charranna faoi 2.5 lítear agus 11.% do charranna os cionn na tairsí sin na harduithe molta. Ardófar earraí agus gach feithicil eile faoi 9.5% gan aon ardú ar fheithiclí leictreacha. Ardófar cheadúnais phláta trádála faoi 9.5% chomh maith. Caithfear féachaint ar na harduithe ar rátaí mótarchánach in aghaidh an chúlra gur tháinig ardú os cionn 15% ar bhoilsciú ó thús 2004. Is léir go bhfuil na harduithe a ndéantar soláthar dóibh sa Bhuiséad go

mór faoi bhoilsciú thar na tréimhse ceithre bliana idir an dá linn. Beidh feidhm leis na rátaí nua ar dhioscaí mótarachánach agus ar cheadúnais trádála a rachfar ina mbun ón 1 Feabhra 2008 nó ina dhiaidh sin.

Íoctar fáltais mhótarchánach go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil. Tá an Ciste, a bunaíodh faoin Rialtais Áitiúil 1998, imfhálaithe go sonrach do rialtas áitiúil. Cuireann ranníocaíocht ón Státchiste ar bhonn bliantúil maoiniú forlíontach leis an mótarcháin a íoctar isteach sa Chiste. Úsáidtear an Ciste go príomha chun bóithre neamhnáisiúnta a mhaoiniú agus do riachtanais ghinearálta údarás áitiúil.

Tá mionsonraí faoi na rátaí nua leagtha amach in Iarscríbhinn F.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo thart ar €83 milliún isteach i mbliain iomlán.

MÁIL

Mál Tobac

Tá an Dleacht Máil ar phaicead de 20 toitín á hardú faoi 30 cent (CBL san áireamh) agus beidh arduithe pro-rata ar tháirgí tobac eile, le héifeacht ó mheánoíche an 5 Nollaig 2007.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo €1.2 milliún i 2007 agus €63 milliún isteach in 2008.

An Córas Ceadúnaithe Alcóil

Tá táillí ceadúnaithe d'Eisceadúnais á n-ardú ó €250 in aghaidh an cheadúnais go dtí €300 in aghaidh an cheadúnais le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2008.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo €0.2 milliún in 2008 agus €0.3 milliún isteach i mbliain iomlán.

Dleacht ar Leictreachas

Faoi Threoir Cánach Fuinnimh an AE tá ceanglas ar gach Ballstát cáin dleachta a ar leictreachas a thabhairt isteach. I gcás na hÉireann ní mór é sin a dhéanamh in 2008. Ón 1 Deireadh Fómhair 2008 ar aghaidh beidh feidhm leis na híosrátaí AE seo a leanas; 50 cent in aghaidh na huairé meigeavata (MWh nó 1,000 aonad) maidir le húsáid ghnó agus €1 in aghaidh na huairé meigeavata maidir le húsáid neamh-ghnó. Mar sin féin, beidh leictreachas arna úsáid ag líonta tí díolúintí ón táille nua, mar a bheidh leictreachas arna tháirgeadh ag ábhair in-athnuaite agus giniúint teasa agus cumhachta cónasetha. Beidh táirgí fuinnimh agus leictreachas a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh díolúintí ón gcánachas máil chomh maith. Costas foriomlán beag agus éifeacht bheag ar phraghsanna leictreachais do ghnó a bheidh ann.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo €0.25 milliún in 2008 agus thart ar €1 milliún isteach i mbliain iomlán.

CÁNACHAS FEIRMEOIRÍ

Breisiú ráta comhréidh na bhfeirmeoirí

Tá breisiú ráta comhréidh na bhfeirmeoirí á choinneáil ag 5.2% do 2008. Tá an ráta comhréidh leagtha amach chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL ó thaobh an CBL a thabhaíonn siad ar a gcuid ionchuir.

Faoiseamh Cánach ar Dhíscáileadh Chomhpháirtíochtaí Feirme

Tabharfar isteach faoiseamh nua ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil ar dhíscáileadh comhpháirtíochtaí feirme sa Bhille Airgeadais. Rithfidh an faoiseamh ar feadh thréimhse 5 bliain agus beidh mionsonraí iomlána sa bhille Airgeadais.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €5 milliún isteach in 2008 agus i mbliain iomlán.

Comhpháirtíochtaí Táirgeachta Baine

Sa chás go dtéann feirmeoir ar ioncam meánaithe isteach i gcomhpháirtíocht táirgeachta baine ní bheidh feidhm a thuilleadh leis na forálacha ar féidir aisghabháil cháin ioncaim a bheith mar thoraidh orthu.

Meastar gur éifeacht neodrach a bheidh ag tionchar an athraithe seo ar an Státchiste.

Éagsúlú biatas siúcra

Tá soláthar á dhéanamh lena cheadú d'fheirmeoirí a fhaigheann an ghné Chabhair Éagsúlaithe den Phacáiste Cúitimh Biatais Siúcra na híocaíochtaí sin a dhéanamh thar sé bhliana chun críocho ioncam inchánach a ríomh.

Táthar ag súil go gcosnóidh an beart seo €9.6 milliún in 2008. I ndiaidh 2008 beidh impleachtaí dearfacha ag an mbeart ar an Státchiste, de réir mar a gheofar an cháin iarchurtha i ndáil le híocaíochtaí do 2007 agus do 2008.

CÁIN CHORPARÁIDEACH

Socruithe d'íocaíochtaí Cánach Tosaigh do Chuideachtaí Beaga

Tá sé de rogha ag cuideachtaí beaga a gcuid cánach tosaigh a íoc ag an gceann is ísle idir 90% de dhliteanas deiridh na tréimhse cuntasaíochta reatha nó 100% de dhliteanas reatha na tréimhse cuntasaíochta roimhe seo. Tá an tairseach do dhliteanas Cháin Chorporáideach maidir le déileáil le cuideachtaí mar chuideachtaí beaga á hardú ó €150,000 go dtí €200,000. Beidh éifeacht leis sin ó dhátaí íocaíochta cánach tosaigh tar éis 5 Nollaig 2007.

Socruithe d'íocaíochtaí Cánach Tosaigh do Chuideachtaí Tosaigh

Faoin mbeart a tugadh isteach i mBuiséad na bliana seo caite, níl ceanglas ar chuideachtaí nua ná ar chuideachtaí tosaigh lena mbaineann dliteanas Cánach Corparáidí de €150,000 nó níos lú dá gcéad tréimhse cuntasaíochta cáin tosaigh a íoc i ndáil leis an gcéad tréimhse cuntasaíochta sin. Tá an tairseach dliteanais cánach faoin socrú seo maidir le cuideachtaí nua nó le cuideachtaí tosaigh á hardú chomh maith go dtí €200,000 agus beidh éifeacht leis an athrú seo chomh maith ó dhátaí cánach tosaigh i ndiaidh 5 Nollaig 2007.

An Riail maidir le Caighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (CTAI)

Déanfar socruithe eatramhacha a mhaolaíonn an muirear úis ar Cháin Chorporáideach tosaigh tearcíochta do chuideachtaí i gcúinsí thar a bheith sainiúla a mbeidh a gcuntais bunaithe ar Chaighdeáin Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (CTAI) a athrú sa Bhille Airgeadais ionas gur féidir na socruithe sin a úsáid ar bhonn buan.

Beidh costas sreabhadh airgid de €1 milliún i 2007 agus costas sreabhadh airgead do bhliain iomlán de €6.5 milliún in 2008 mar thoradh ar na bearta seo.

Scéim Creidmheasa Cánach do Chaiteachas Taighde agus Forbartha

Tá an caiteachas bunbhliana a ndéantar caiteachas cáilithe breisitheach faoi Thaighde agus Forbairt (T&F) a mheas faoin scéim creidmheasa cánach á shocrú ag 2003 ar feadh 4 bliana eile go dtí 2013. Cruthóidh an t-athrú dreasacht bhreise i leith caiteachas ardaithe T&F sna blianta amach romhainn agus soláthróidh sé níos mó cinnteachta do thionscal maidir leis an scéim creidmheasa cánach.

Beidh gá leis an gCoimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi na hathruithe seo ó pheirspectíocht Chúinimh Stáit.

Meastar go gcosnóidh an t-athrú seo €60 milliún i mbliain iomlán.

DLEACHT STAMPÁLA

Athchóiriú ar an Muirear i leith Dleacht Stampála ar Mhaoin Chónaitheach

Tá athchóiriú á dhéanamh ar an gcóras Dleachta Stampála atá infheidhme maidir le maoin chónaitheach.

Tá córas simplithe, ina bhfuil díolúine €125,000 agus 2 ráta forchéimnitheacha in áit na 6 banda ráta atá anois ann, á thabhairt isteach le héifeacht láithreach.

Ní dhlfear Dleacht Stampála ar idirbhearta nach sáróidh an leibhéal díolúine €125,000. I gcás méideanna os cionn an leibhéal díolúine €125,000 seo, ach nach sáraíonn €1 milliún, gearrfar Dleacht Stampála ag 7% ar an mbarrachas os cionn €125,000. Sa chás go sáróidh an mhaoin €1 milliún, gearrfar 9% ar an gcuid os cionn €1 milliún agus beidh an chuid eile idir €125,000 agus €1 milliún faoi réir ag muirear 7%.

Ina theannta sin, ní dhlfear dleacht stampála ar mhaoin lena mbaineann luach os cionn €125,000 ach nach sáraíonn €127,000.

Beidh éifeacht leis an athrú seo i ndáil le hionstraimí a chaithfear a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim lena stampáil tráth nach déanaí ná an 5 Nollaig 2007. Mar sin, bainfidh ionstraimí a dhéanfar a fhorghníomhú sna 30 lá roimh an 5 Nollaig 2007 leas as an athrú seo.

Beidh feidhm leis na díolúintí reatha maidir le céadcheannaitheoirí agus ceannaitheoirí tithe nua i gcónaí.

Tá tuilleadh eolais ar an athchóiriú seo in Iarscríbhinn G.

Cosnóidh an beart seo €190 milliún i mbliain iomlán agus beidh mionchostas ann in 2007.

Aisghabháil Faoisimh do Chéadcheannaitheoirí agus d'Úinéirí eile ar Áitritheoirí iad

Tá díolúine ó Dhleacht Stampála ar fáil de ghnáth do chéadcheannaitheoirí tithe nó árasáin chónaitheacha nua nó dara láimhe, ceannaitheoirí ar úinéirí agus áitritheoirí iad. Tá díolúine ar fáil freisin do cheannaitheoirí eile tithe nó árasáin chónaitheacha nua nó dara láimhe faoi bhun 125m², ceannaitheoirí ar úinéirí agus áitritheoirí iad. Ina theannta sin, tá páirt-fhaoiseamh ar fáil freisin do cheannaitheoirí tithe nó árasáin nua os cionn 125m², ceannaitheoirí ar úinéirí agus áitritheoirí iad. Déantar na díolúintí/faoisimh seo a aisghabháil sa chás go ligeann an ceannaitheoir an teach nó árasán cónaithe ar cíós, seachas faoi shocrúithe seomra ar cíós, laistigh de 5 bliana de dháta an ghníomhais aistrithe a thugann éifeacht don cheannach.

Tá an tréimhse aisghabhála seo á laghdú i ndáil leis na trí cinn d'fhaoiseamh ó 5 bliana go dtí 2 bhliain maidir le gníomhais aistrithe a fheidhmítear an 5 Nollaig 2007 nó ina dhiaidh sin. Maidir le gníomhais aistrithe a feidhmíodh roimh an 5 Nollaig 2007, sa mhéid is gur cuireadh teach nó árasán cónaitheach amach ar cíós an 5 Nollaig 2007 nó ina dhiaidh sin, ní bheidh aisghabháil faoisimh i gceist sa chás go dtarlóidh sin sa tríú, sa ceathrú nó sa cúigiú bliain úinéireachta.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €4 milliún in 2008 agus i mbliain iomlán.

Cártaí Airgeadais

Tá athruithe á ndéanamh ar na Dleachtanna Stampála a bhaineann le cuntais cártaí ATM/Dochair, cuntais cártaí muirir agus cuntais cártaí creidmheasa. Seo a leanas achoimre ar na hathruithe rátaí:

| Tuairisc | Reatha | Nua |
|--|---------------|------------|
| Cuntais cártaí muirir & cuntais cártaí creidmheasa | €40 | €30 |
| Cártaí ATM | €10 | €5 |
| Cártaí Dochair | €10 | €5 |
| Comhchártaí ATM/Dochair | €20 | €10 |

Beidh éifeacht ag na muirir do chártaí ATM/Dochair/Chomhchártaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus do chártaí creidmheasa don bhliain dar críoch 1 Aibreán 2008.

Ina theannta sin, ag tosú in 2008, beidh ar fhorais airgeadais réamh-íocaíocht a dhéanamh i mí na Nollag gach bliain, i ndáil leis na Dleachtanna Stampála ar chártaí airgeadais dlite le híoc sa bhliain ina dhiaidh sin. Bunófar an íocaíocht seo ar 80% dá ndliteanas Dleachta Stampála don bhliain roimhe sin. Ní athrófar an dáta a ngearrfar muirear ar chustaiméirí.

Bunóidh na hathruithe seo gnóthachan sreabhadh airgid de €20 milliún in 2008 agus cosnóidh siad €40 milliún i mbliain iomlán.

Billí Malairte (Seiceanna san áireamh)

Tá an ráta Dleachta Stampála ar Bhillí Malairte á n-ardú ó 15 cent go dtí 30 cent i ndáil le Billí Malairte a tharraingeofar an 6 Nollaig 2007 nó ina dhiaidh sin. I gcás seiceanna, beidh feidhm leis an ardú maidir le seiceanna a chuirfidh forais airgeadais ar fáil do chustaiméirí an 6 Nollaig 2007 nó ina dhiaidh sin.

Meastar go dtabharfaidh na bearta seo €1 milliún i 2007 agus €17 milliún in 2008 agus i mbliain iomlán isteach.

DLEACHT STAMPÁLA & CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

Méadú ar an Díolúine Láithreán chuig Leanbh ó Dhleacht Stampála agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil

Tugann an faoiseamh atá anois ann i leith Láithreán chuig Leanbh díolúine faoin dá cháin maidir le láithreáin a bhfuil luach margaidh nach sáraíonn €254,000 acu, sa chás go n-aistríonn tuismitheoir an láithreán chuig leanbh chun críocha príomh-áit chónaithe an linbh a thógáil. Tá tairseach na díolúine de €254,000 á hardú go dtí €500,000. Beidh éifeacht ag an athrú seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh lá an Bhuiséid nó ina dhiaidh sin.

Meastar go gcosnóidh an beart seo thart ar €10 milliún in 2008 agus i mbliain iomlán.

AN TIONSCAL IASCAIREACHTA

Faoiseamh Cánach ar Íocaíochtaí Díchoimisiúnaithe Shoitheach Iascaigh

Déanfar foráil don chód cánachais a leasú chun cabhrú le glacadh na scéime díchoimisiúnaithe chun tacú le hathstruchtúrú flít iascaireachta na hÉireann. Beidh mionsonraí maidir leis sin sa Bhille Airgeadais.

Ní féidir costas an bhirt seo a mheas ach ní mheastar go mbeidh costas mór i gceist.

ROINN II – BEARTA CAITEACHAIS

Nóta: Ba chóir an fhaisnéis caiteachais atá tugtha thíos a léamh i dteannta na Meastachán ar Chaiteachas mionsonraithe do 2008 atá leagtha amach i Roinn I den eagrán seo. Tá eolas breise ar chaiteachas i Roinn E (Buiséad 2008, Staitisticí agus Táblaí), lena n-áirítear mionsonraí ar na hathruithe ar na leithdháiltí Vótála 2008 ó foilsíodh na Meastacháin réamhbhúisíid sa Léargas Réamhbhúisíid i mí Dheireadh Fómhair, agus na teilgin chaiteachais do 2009 agus 2010 a eascraíonn as na Meastacháin Bhúisíid seo.

GNÓTHAÍ SÓISIALACHA & TEAGHLAIGH

(Féach Iarscríbhinn C freisin, áit a léirítear na hathruithe in uasrátaí íocaíochtaí seachtainiúla ó Eanáir 2008 mar aon le harduithe i Sochar Leanaí ó Aibreán 2008.)

Is ionann Caiteachas Comhlán don Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh agus €16.95 billiún i 2008. Is ionann costas iomlán na bhfeabhsúcháin leasa shóisialaigh agus €876.7 milliún i 2008 agus €900 milliún i mbliain iomlán².

Rátaí Seachtainiúla Leasa Shóisialaigh

Ardófar na rátaí pearsanta seachtainiúla uasta do na Pinsin Stáit (Ranníocacha), do na Pinsin Stáit (Eatramhacha) agus do na pinsin árachais shóisialta go léir €14 in aghaidh na seachtaine ón gcéad seachtain d'Eanáir 2008. I gcás an Phinsin Stáit (Neamhranníocach), ardófar an ráta seachtainiúla pearsanta uasta €12 in aghaidh na seachtaine ón gcéad seachtain d'Eanáir. Beidh feidhm le harduithe dá réir i gcás pinsinéirí ar rátaí laghdaithe.

Ardófar an ráta pearsanta uasta don Liúntas Cúramóra, don Sochar Cúramóra agus don Phinsean Sochair Bháis €14 in aghaidh na seachtaine agus ardófar na rátaí pearsanta uasta eile go léir €12 in aghaidh na seachtaine. Beidh arduithe dá réir do dhaoine ar rátaí laghdaithe, ón gcéad seachtain d'Eanáir 2008.

Ardófar Uasliúntais Daoine Fásta Cáilithe (QAAnna) mar seo a leanas:

- €11.60 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Ranníocach), don Phinsean Stáit (Eatramhach) agus don Phinsean Easláine nuair a bheidh an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn. Ina theannta sin, íocfar ardú speisialta breise leis na daoine sin (féach an mhír ar Phinsinéirí thíos);
- €9.30 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Ranníocach), don Phinsean Stáit (Eatramhach) nuair a bheidh an duine fásta cáilithe faoi bhun 66 bliain d'aois;
- €7.90 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Neamhranníocach);
- €8.60 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Easláine nuair a bheidh an duine fásta cáilithe faoi bhun 66 bliain d'aois;
- €8 in aghaidh na seachtaine do na híocaíochtaí QAA eile go léir.

Cuirfear arduithe dá réir i bhfeidhm sa chás go mbíonn daoine ag fáil íocaíochtaí ag ráta laghdaithe QAA.

Déanfar ardú €14 in aghaidh na seachtaine freisin, go dtí €221.80, ar an íosráta Sochair Mháithreachais agus Sochair Uchtaithe ó Eanáir 2008.

Cosnóidh na harduithe thuas €697.1 milliún i 2008 agus i mbliain iomlán.

² €980 milliún, le feabhsúcháin ar an Íocaíocht Luath-Chúraim agus íocaíochtaí tacaíochta sóisialaigh feabhsaithe i réimsí eile san áireamh (e.g. liúntais FÁS).

Leanaí

Ardófar rátaí Sochair Linbh €6 in aghaidh na míosa don chéad leanbh agus don dara leanbh cáilithe, go dtí €166 in aghaidh na míosa, agus €8 in aghaidh na míosa do gach leanbh cáilithe ina dhiaidh sin, go dtí €203 in aghaidh na míosa, le héifeacht ó mhí Aibreán 2008.

Ardófar uasrátaí liúntas cleithiúnach leanaí €2 in aghaidh na seachtaine go dtí €24 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2008. Feidhmeofar arduithe dá réir sa chás go bhfaigheann daoine íocaíocht liúntas cleithiúnach leanaí laghdaithe.

Ardófar tairseacha Fhorlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh €10 in aghaidh na seachtaine i ndáil le gach leanbh, ó Eanáir 2008.

Beidh ardú €20 in aghaidh an linbh ar an Liúntas Éadaí agus Bróg ar ais ar Scoil, go dtí €200 i ndáil le leanbh idir 2 agus 11 bliana d'aois agus €20 go dtí €305 i ndáil le leanbh idir 12 agus, nuair is cuí, 22 bliain d'aois. Beidh éifeacht leis sin ó Mheitheamh 2008.

Tá an Deontas do Thuismitheoir Baintrí á ardú €2,000 go dtí €6,000 le héifeacht láithreach.

Cuirtear maoiniú breise ar fáil don Chlár Béilí Scoile.

Cosnóidh na bearta seo €124.7 milliún i 2008 agus €147.9 milliún i mbliain iomlán.

Pinsinéirí

Beidh ardú speisialta breise d'uasmhéid €15.40 in aghaidh na seachtaine le huasráta an Liúntais Daoine Fásta Cháilithe (nuair a bhíonn an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn), chun an ráta a ardú go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, á íoc le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach) nó le Pinsean Easláine ó Eanáir 2008.

Méadófar fad ama íocaíocht na Scéime Náisiúnta Breosla faoi sheachtain amháin go dtí tríocha seachtain, ag tosú i mí Aibreán 2008.

Cosnóidh na bearta seo €35.2 milliún i 2008 agus i mbliain iomlán.

Daoine in Aois Oibre

Ardófar an Deontas Sosa i leith Cúraim €200 go dtí €1,700 ó Mheitheamh 2008.

Ardófar an neamhaird ioncaim sheachtainiúil do mheasúnú acmhainne don Scéim Liúntas Cúramóra go dtí €332.50 (singil)/€665 (lánúin) faoi seach, ó Aibreán 2008.

Ardófar an tairseach ardioncaim do theidlíocht i leith na hÍocaíochta Teaghlaigh Tuimitheora Aonair €25 in aghaidh na seachtaine go dtí €425 ó Bhealtaine 2008.

Tabharfar isteach aon mhodh athchóirithe amháin chun meastóireacht a dhéanamh ar Shochar agus Pribhléid ó ioncam tuismitheoirí maidir leis an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ó Aibreán 2008.

Ardófar an deontas bliantúil atá iníoctha mar chuid den scéim Liúntas Filleadh ar Oideachas €100 go dtí €500 ó Mheán Fómhair 2008.

Tabharfar isteach ardú €20 ar uas-teorainn ar theidlíocht chun íocaíocht bharrchaolaithe liúntais daoine fásta cáilithe do scéimeanna ábhartha go dtí €240 in aghaidh na seachtaine le linn 2008.

Cosnóidh na bearta seo €16.4 milliún i 2008 agus €18.1 milliún i mbliain iomlán.

Feabhsúcháin ar Sheirbhísí

Cuirfear maoiniú breise ar fáil don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh do chomhairleoireacht póstaí, leanaí agus lucht méala, do thionscadail taighde agus do sheirbhísí eile.

Cuirfear maoiniú breise ar fáil don tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), i gcomhair oiliúna agus tacaíochta breise do chuideachtaí MABS.

Cuirfear maoiniú breise ar fáil don Bhord Faisnéise Saoránach chomh maith.

Cosnóidh na bearta seo €3.3 milliún i 2008 agus €1.7 milliún i mbliain iomlán.

Tá Mion-Mheastachán 2008 don Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh leagtha amach ar leathanach I.82.

AN GRÚPA SLÁINTE & LEANAÍ

Is ionann Caiteachas Comhlán don Ghrúpa Sláinte & Leanaí, lena n-áirítear an Roinn Sláinte & Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Oifig an Aire Leanaí, agus €16,156 milliún i 2008, ardú thart ar €374 milliún (€322 milliún Reatha agus €52 milliún Caipiteal) i gcoibhneas leis an meastachán réamhbhuiséid. Seo a leanas na príomhfheabhsúcháin atá le seachadadh leis na hacmhainní sin, maille le roinnt coigilteas ó réimsí eile, i 2008 agus i mblianta ina dhiaidh sin:-

- Soláthraítear €110 milliún chun an scéim cúraim chónaithe fadtéarmach nua – A Fair Deal – a thabhairt isteach i 2008;
- €25 milliún breise do chúram do dhaoine aosta – lena n-áirítear pacáistí cúraim bhaile agus seirbhísí tacaíochta pobail eile a sholáthar;
- Soláthraítear €50 milliún d’acmhainní breise don earnáil Míchumais, ag teacht le clár infheistíochta ilbhliantúil Bhuiséad 2005, i dtreo seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais;
- Tá €46 milliún eile leithdháilte chun €100 breise in aghaidh an linbh suas le sé bliana d’aois a mhaoiniú faoin bhForlónadh Luathchúram Leanaí;
- €29 milliún breise chun cabhrú le seirbhísí ailse a leathadh amach, lena n-áirítear Seirbhísí Scagtha Náisiúnta, Seirbhísí Rada-Oinceolaíochta etc;
- €35 milliún chun costas measta na n-íocaíochtaí a eascraíonn i 2008 as Scéim Sásaimh Lourdes a chomhlíonadh;
- €18 milliún breise i 2008 (€30 milliún i mbliain iomlán) i dtreo chlár Imdhíonaithe;
- €10 milliún breise don Chiste Ceannaigh Cóireála Náisiúnta;
- €12 milliún i 2008 (costas do bhliain iomlán €33 milliún) chun tionscadail sheachadta seirbhísí nuálacha faoi choimirce an HSE;
- €3.1 milliún do Liúntais Sláinte, chun ardú a thabhairt a bheidh ag teacht leis na liúntais a thugtar d’fhaighteoirí leasa shóisialaigh ó Eanáir 2008;
- Tabharfar €4.37 milliún ar an iomlán i 2008 mar thacaíocht do na heagraíochtaí seo a leanas: St Joseph's Foundation, Charleville (€1.5 milliún); Seirbhísí Fhiobrós Chisteach, Ospidéal Beaumont (€2.5 milliún); Ionad Cúisle, Port Laoise (€170,000) (na tionscadail chaipitiúla go léir) agus Hope House, Béal Easa (€200,000); agus
- Infheistíocht breise €47.5m d’fhorbairt chaipitiúil.

Tá mion-Mheastachán 2008 do na comhlachtaí seo leagtha amach ar leathanach I.85 (An Roinn Sláinte & Leanaí), I.87 (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) agus I.89 (Oifig an Aire Leanaí).

OIDEACHAS & EOLAÍOCHT

Is ionann Caiteachas Comhlán don Roinn Oideachas & Eolaíochta i 2008 agus €9,326 milliún, ardú €217.5 milliún (€104.3 milliún Reatha agus €113.2 milliún Caipiteal) i gcoibhneas leis an Meastachán réamhbhuiséid. Is iad seo a leanas na príomhfheabhsúcháin atá le seachadadh leis na hacmhainní seo, maille le roinnt coigilteas ó réimsí eile, i 2008 agus i mblianta ina dhiaidh sin:-

- Acmhainní breise de €95.2 milliún don Chlár Tógála Bunscoileanna, chun áiteanna scoile buana breise a sholáthar sna limistéir atá ag forbairt go tapa;
- Acmhainní breise de €12 milliún do thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal chun leanúint leis an straitéis d'Eolaíocht, do Theicneolaíocht agus do Nuáil a leathadh amach;
- €23.3 milliún breise i 2008 (€29.3 milliún i mbliain iomlán) d'arduithe ar na deontais a íoctar chun costais neamh-phá agus sheirbhísí eile i scoileanna a chomhlíonadh;
- €21 milliún breise d'iompar scoile chun freastal ar éilimh atá ag fás agus ar na costais a bhaineann le seirbhís a sholáthar do thart ar 135,000 leanaí bunscoile agus iarbhunscoile, lena n-áirítear os cionn 8,000 leanaí a bhfuil riachtanais speisialta ag dul dóibh;
- €18 milliún in 2008 (meastar gurb é €26 milliún an costas do bhliain iomlán) do Riachtanais Oideachais Speisialta, chun ceapacháin Chúntóirí Riachtanas Speisialta breise is dócha a bheidh ann mar gheall ar an líon mac léinn san earnáil bunscoile agus an leathnú ar sheirbhísí ag leibhéal iarbhunscoile, a chlúdach;
- €26 milliún breise do chóiríocht shealadach i scoileanna, chun freastal ar éilimh ar chóiríocht ghearrthéarmach a eascraíonn as rolluithe scoile méadaithe, go háirithe i limistéir atá ag forbairt go tapa, ar feitheamh ar chóiríocht bhuan nua atá le soláthar faoin gclár tógála scoile sna blianta amach romhainn;
- €25 milliún breise i maoiniú Cuntas Díomhaoin, le húsáid do raon beart a bheidh dírithe ar dhul i ngleic le Míbhuntáiste Oideachais; agus
- €3 milliún breise do bhearta uilechuimsitheachta sóisialta, chun 500 áit bhreise ar chúrsaí Litearthachta do Dhaoine Fásta, 500 áit bhreise faoin Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas, agus 100 áit bhreise ar Ógtheagmháil a sholáthar.

Tá Mion-Mheastachán 2008 don Roinn seo leagtha amach ar leathanach I.58.

AN GRÚPA DLÍ AGUS CIRT

Is ionann Caiteachas Comhlán don Ghrúpa Dlí agus Cirt de na Vótaí lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí, An Garda Síochána agus na Seirbhísí Cúirteanna agus Príosún agus €2,696 milliún in 2008, ardú de €77.5 milliún (€53.7 milliún Reatha agus €23.8 milliún Caipitil) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid. Déanfar na príomhfheabhsúcháin a sheachadadh leis na hacmhainní sin i dteannta roinnt coigealtas ó réimsí eile in 2008 agus i mblianta ina dhiaidh sin mar seo a leanas:

- €56 milliún (€35 milliún Reatha agus €21 milliún Caipiteal) in 2008 do An Garda Síochána le tacú le raon forbairtí lena n-áirítear leanúint ag leathnú an Fhórsa go figiúr os cionn 14,200 Garda láncháilithe faoi dheireadh 2008, seachadadh a dhéanamh ar chóras cumarsáide nua-aimseartha agus bearta eile chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh na coiriúlachta. Is é an costas iomlán bliana don ghné Reatha don chaiteachas sin ná €67 milliún;
- soláthraítear thart ar €5 milliún don taobh Reatha don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí mar mhaoiniú breise díreach do thionscnaimh thionscadail uilechuimsitheachta sóisialta. Áirítear orthu sin €4 milliún d'Oifig an

Aire Stáit do Lánpháirtíú mar thuilleadh tacaíochta do chlár a dhíreoidh ar riachtanais pobal inimirce; chomh maith le breis acmhainní do Cosc - An Oifig Náisiúnta do Chosc Foréigin Baile, Gnéis agus Inscnebhunaithe agus do Straitéis Náisiúnta na mBan;

- acmhainní breise de €5 milliún á gcur ar fáil don Bhord um Chúnadh Dlíthiúil agus le na Seirbhísí Paiteolaíochta agus Dlíeolaíochta a neartú; agus
- tá €14 milliún (lena n-áirítear €7.8 milliún Caipiteal, a bhfuil €5 milliún de foinsithe laistigh den Vóta do Dhlí agus Ceart & Athchóiriú Dlí) á leithroinnt don tSeirbhís Príosún don chlár foirgníochta agus le córas nua cumarsáide a rolláil amach.

Tá mion-Mheastacháin do 2008 don ghrúpa seo san áireamh idir leathanaigh I.47 go I.53.

COMHSHAOL, OIDHREACTH & RIALTAS ÁITIÚIL

Is é an Caiteachas Comhlán don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2008 ná €3,198 milliún, ardú de €404 milliún (€94 milliún Reatha agus €310 milliún Caipiteal) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhúisid. (Ní áirítear sna figiúirí sin caiteachas ar bhóithre neamhnáisiúnta agus i ndáil le ceadúnú feithiclí agus tiománaithe, feidhmeanna atáthar a aistriú go dtí an Roinn Iompair. Déanfar na príomhfheabhsúcháin seo a leanas a sheachadadh in 2008 agus i mblianta ina dhiaidh sin: -

- tá €124 milliún breise á chur ar fáil do thithíocht shóisialta. Tabharfaidh sé sin deis an dul chun cinn a choinneáil maidir le comhlíonadh spriocanna 27.000 tosú/insealbhú NDP agus *I dTreó 2016* sa tréimhse 2007-2009;
- tá €27 milliún breise curtha a fáil faoin Scéim Cóiríochta Cíosa le freastal a dhéanamh ar thiomantais a rinneadh agus ar thiomantais nua in 2008, léiriú ar aistriú ón Roinn Gnóthaí Sóisialta & Teaghlaigh ar chustaiméirí a bhíodh roimhe sin ag fáil Liúntas Leasa Forlíontach;
- leithroinnt shonrach de €50 milliún á sholáthar do ghálaí breise faoin Scéim Ceannaigh Tithíochta Inacmhainne;
- tá tacaíocht á thabhairt do dhul chun cinn faoin Scéim Iasachtaí Caipitil agus Fóirdheontas (Tithíocht Dheonach agus Comhoibríoch) trí €26 milliún breise;
- tá leithroinnt de €10 milliún déanta do na chéad costais a bhainfidh le hathghiniúint áiteanna éagsúla i gCathair Luimnigh;
- infheistíocht de €45 milliún Caipiteal i Seirbhísí Uisce le leanúint le tacaíocht infrastruchtúir d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta;
- tá €17.9 milliún breise leithroinnthe don Chiste Rialtais Áitiúil ag tabhairt ranníoc an Stáitchiste go dtí an Ciste in 2008 chuig €545 milliún;
- breis de €13 milliún chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) le cur i dtreo taighde agus forbairt riachtanach agus monatóireacht agus do chostas leathnú ar cheanncheathrú an EPA i Loch Garman agus cúrsaí foirne a chlúdach. Tugann sin an leithroinnt ar fad do 2008 go breis is €39 milliún;
- tá leithroinnt tosaigh Stáitchiste de €40 milliún á sholáthar in 2008 le hoibríochtaí an Chiste Nuála Geataí a chlúdach. Tá leithroinnt de €300 milliún á sholáthar don Chiste i gClúdach Caipitil Ilbhliantúil na Roinne;
- breis de €8 milliún le dul i dtreo Oidhrecht Náisiúnta (Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) i leith bhainistíocht agus chomhdhlúthú mhaoin na bPáirceanna Náisiúnta agus costas chlár mhonatóireachta agus bhainistíochta mar a éilítear faoi Threoracha éagsúla AE ar Ghnáthóga agus Éin;
- €6 milliún d'fhorbairt bhreise na seirbhíse leabharlann phoiblí;
- €3 milliún do leigheasra líonadh talún ag tabhairt na leithroinnthe ar fad go €13.5 milliún in 2008; agus

- €3.3 milliún breise do na Seirbhísí Tine le cuidiú leis an mborradh leanúnach faoi oiliúint phearsana Seirbhísí Tine agus le Sábháilteacht Tine a chur chun cinn. Tugann sin an leithroinnt ar fad don réimse seo go breis is €25.6 milliún in 2008.

Tá mion-Mheastacháin do 2008 don Roinn seo leagtha amach ag leathanach 1.55.

GRÚPA COSANTA

Is é an Caiteachas Comhlán don ghrúpa Cosanta in 2008 €1,079 million, ardú de €46 milliún (atá ar fad ach €100,000 de ina chaiteachas Reatha) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid. Baineann an chuid is mó den ardú le costas 2008 maidir le 400 comhalta de na GrúpaíCosanta a bheith páirteach san oibríocht mhíleata AE atá molta dul go Chad.

Tá mion Mheastacháin do 2008 don Ghrúpa seo leagtha amach ar leathanach I.79 (An Roinn Cosanta) agus I.81 (Pinsin Airm).

GRÚPA GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA

Is ionann Caiteachas Comhlán don Ghrúpa Vótaí seo lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta agus Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla in 2008 ná €557.4 milliún, ardú de €37.7 milliún (€27.2 milliún Reatha agus €10.5 milliún Caipiteal) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid. Is iad seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh leis na hacmhainní sin in 2008:-

- tá €12.5 milliún á chur ar fáil le maoiniú a dhéanamh ar fheidhmiú mholtaí na Tuarascála Athshlánaithe Straitéise Drugaí Náisiúnta. Tabharfaidh an maoiniú breise sin deis d'fhorbairt agus do neartú na dTascfhórsaí Drugaí agus deis seirbhísí a rolláil amach do bhailte coimitéara nua;
- tá €4 milliún á chur ar fáil d'fhorbairt infrastruchtúir áineana mar a mhol Comhairle na Tuaithe ina *National Countryside Recreation Strategy*. Samhlaítear sa chineál infrastruchtúir atá i gceist soláthar cosáin agus rianta do shiúl, do rothaíocht, d'fhánaíocht agus do shodar capall;
- tá €5 milliún leithroinnte do thionscnaimh a mhaoinigh na Cuntais Díomhain le tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíocha agus;
- tá €5.7 milliún eile á leithroinnt le freastal ar chostais 2008 ó thaobh na 2,600 rannpháirtí sa Scéim Shóisialta Tuaithe.

Tá mion Mheastacháin 2008 do na comhlachtaí sin leagtha amach ar leathanaigh I.62 (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta) agus I.54 (Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla).

CUMARSÁID, FUINNEAMH & ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Is ionann an Caiteachas Comhlán don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha in 2008 agus €532.8 milliún, ardú de €64.9 milliún (€29.9 milliún Reatha, €35 milliún Caipiteal) i gcoibhneas le Meastachán Réamhbhuiséid. Seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh leis na hacmhainní sin in 2006 agus sna blianta ina dhiaidh sin:-

- tá maoiniú caipitil de €13 milliún le dul i dtreo scéimeanna rátála suiteála, éifeachtachta agus foirgníochta agus do raon tionscnamh a chuirfidh chun cinn teicneolaíochtaí nua, a chuirfidh le feachtacht faoi éifeachtacht fuinnimh agus a chuirfidh feabhas ar an gcumas chun seachadadh a dhéanamh sa réimse sin;
- tá maoiniú caipitil de €7 milliún á leithroinnt do Thaighde Fuinnimh a dhéanfaidh maoiniú go príomha ar bhearta le forbairt a dhéanamh ar fhuinneamh inathnuaite ó acmhainní mara;
- tá maoiniú caipitil de €10 milliún le soláthar do Scéim Leathanbhanda Náisiúnta a chuirfear i dtreo leathanbhanda a chur ar fáil chuig thart ar 10% den daonra nach bhfuil aon teacht acu air faoi láthair;
- déanfar €15.3 milliún de mhaoiniú reatha a thiomsú ón ardú le gairid ar an gceadúnas Teilifíse agus go háirithe ó bhreis díolacháin ar cheadúnais agus á leithroinnt go príomha chuig RTÉ le tacú le seachadadh leanúnach ar a dhualgas craoltóireachta poiblí;
- tabharfar €2.5 milliún breise de mhaoiniú reatha do TG4 lena chur ar a chumas cur lena ábhar cláracha Gaeilge; agus
- tá €4 milliún breise de mhaoiniú reatha á sholáthar d'íocaíochtaí faoin Scéim Cruatan Bradán agus €2.8 milliún maoiniú reatha do Bhoird Iascaigh Intíre dá ról i bhfeidhmiú an Treoir Creatoibre Uisce.

Tá Meastachán 2008 go mion don Roinn seo leagtha amach ar leath 1.66

GRÚPA GNÓTHAÍ EACHTRACHA

Is é an Caiteachas Comhlán don Ghrúpa Gnóthaí Eachtracha ná €1,087 million, ardú de €103.3 milliún (é ar fad ach €750,000 de a bhaineann le Reatha) i gcoibhneas le Meastachán Réamhbhuiséid. Is í an príomhghné den ardú €84 milliúin den Vóta do Chomhoibriú Idirnáisiúnta chun coibhneas ranníoca de 0.54% de GNP a bhaint amach in 2008 do Chúnamh Forbartha Thar Lear (ODA). Is ionann an chuid eile den ardú agus ranníoca breise d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, tionscnaimh a bhaineann le Tuaisceart Éireann agus soláthar airgeadais do reifreann do Chonradh Leasaithe AE.

Tá Meastachán mion 2008 don Ghrúpa seo leagtha amach ar leathanach I.64 (An Roinn Gnóthaí Eachtracha) agus leathanach I.65 (Comhoibriú Idirnáisiúnta).

Chomh maith leis sin déanfar soláthar de €90 milliún á áireamh sa chiste láir d'íocaíochtaí, a bheidh céimnithe thar trí bliana ag tosú in 2009, chuig an gCumann Forbartha Idirnáisiúnta – cuid den Ghrúpa Banc Domhanda. Beidh na ranníoca sin mar chuid de Chúnamh Forbartha Thar Lear na hÉireann.

IOMPAR

Is é an Caiteachas Comhlán don Roinn Iompair in 2008 ná €3,837 milliún, ardú de €410 milliún (€348.7 milliún Caipiteal, €61.3 milliún Reatha) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid. Sin soláthar breise os cionn agus mar bhreis ar an athleithroinnt maoinithe as aistriú feidhmeanna áirithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin;-

- €74 milliún breise do chlár bóithre náisiúnta do 2008 le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar sheachadadh Mórbealaí Idiruirbeacha agus Slí an Atlantaigh;
- tá €45 milliún breise á leithroinnt le feabhas a chur ar an ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta;
- os cionn €20 milliún breise d'acmhainní do Chláir agus d'fheachtais Shábháilteacht ar Bóthar in 2008 lena n-áirítear ranníoc aon uaine de €11 milliún le laghdú a dhéanamh ar an liosta feithimh do thástálacha tiomána agus an t-achar feithimh a thabhairt anuas go sprioc de 10 seachtain faoi dheireadh 2008; agus
- ardú de €262 milliún ar Thionscail Infheistíochta Iompair Phoiblí le tacú le seachadadh cumas breise ar ráille agus busanna comaitéirí lena n-áirítear dul chun cinn ar sínte ráille iompair i mBaile Átha Cliath, uasghrádú ar líne ráille Chill Dara, ar líne comaitéirí Chorcaí go Mainistir na Corann; agus Slí Iarnróid an Iarthair.

Tá Meastachán 2008 go mion don Roinn seo leagtha amach ar leath 1.70

TALMHAÍOCHT, IASCAIGH & BIA

Is é an Caiteachas Comhlán don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in 2008 ná €1,907 million, ardú de €61.7 milliún (€48.1 milliún Caipiteal, €13.6 milliún Reatha) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid, ag glacadh san áireamh aistriú feidhmeanna áirithe ón Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha a bhí ann. Seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin;-

- tá €35 milliúin breise leithroinnte le freastal a dhéanamh ar bhreis éilimh faoin Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme, chun éascú a dhéanamh ar chomhlíonadh choinníollacha comhshaoil agus caighdeán a éilíonn Treoracha Niotraití AE;
- tá €15 milliún breise á sholáthar don Scéim Leasa Bó Diúil le cuidiú le deiseanna gnó a fhorbairt in earnáil mairteola atá ag éirí níos iomaíche. Beidh íocaíocht €80 in aghaidh na bó suas go teorainn de 100 bó ar fáil d'fheirmeoirí ba diúil a gheallann comhlíonadh a dhéanamh ar bhearta leasa ainmhithe áirithe do laonna a shaolaítear ón 1 Eanáir 2008; agus
- tá €10 milliún breise á leithroinnt do scéim feabhsaithe díchoimisiúnaithe áirtheáil le súil coimheá níos fearr a bhaint amach idir cumas iascaigh agus na stoic. Sa scéim tá pacáiste cúnaimh le laghdú de thart ar 35% a spreagadh sa Fhlít d'Iasc Geal in Éirinn, rud atá riachtanach d'fhorbairt thionscal bia mara brabúsach agus inbhuanaithe.

Tá Meastachán 2008 go mion don Roinn seo leagtha amach ar leath 1.68

FIONTAR, TRÁDÁIL & FOSTAÍOCHT

Is é an Caiteachas Comhlán don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta lena n-áirítear caiteachas ón gCiste Oiliúna Náisiúnta €1,998 milliún in 2008, ardú de €72.7 milliún (€32.7 milliún Reatha and €40 milliún Caipiteal) ar an Meastachán Réamhbhuiséid. Seo a leanas na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin;-

- tá €36.5 milliún breise de mhaoiniú caipitil á leithroinnt don Chlár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála mar chuid de thiomantas an Rialtais do chur chun cinn gheilleagar eolasbhunaithe iomaíoch. Tá an t-ardú roinnte idir Enterprise Ireland (€19.9 milliún) mar chuid den iarracht cur le nuáil i gcuideachtaí agus Science Foundation Ireland (€16.6 milliún) le taighde ar chaighdeán domhanda a chur chun cinn;
- tá €25.8 milliún breise á leithroinnt le cur le líuntais do rannpháirtithe FÁS ar oiliúint agus chlárí fhostaíochta
- ag teacht le harduithe d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh ; agus
- tá iomlán de €7 milliún breise de chaiteachas reatha leithroinnte don Chiste Oiliúna Náisiúnta le tacú tuilleadh leis an Straitéis Scileanna Náisiúnta le fócas ar uas-sciliú a dhéanamh ar an bhfórsa saothair.

Tá Meastachán 2008 go mion don Roinn seo leagtha amach ar leath 1.73

GRÚPA AIRGEADAIS

Is é an Caiteachas Comhlán don Ghrúpa Airgeadais Vótaí (lena n-áirítear an Roinn Airgeadais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus Oifig an Ard Reachtaire Cuntas & Ciste, chomh maith le Bunaíocht an Uachtaráin agus go leor oifigí eile) €1,668 milliún in 2008, ardú de €64.3 milliún (€29.3 milliún Reatha, €35 milliún Caipiteal) i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid, ag glacadh san áireamh aistriú feidhmeanna áirithe le Ranna eile. Is iad na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus sna blianta ina dhiaidh sin i dteannta roinnt coigiltis ó réimsí eile:-

- breis de €10.6 milliún le tacú le Tionscadail Fiosrúcháin Cánach Speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim agus a bhfuil de thoradh orthu arduithe móra i bhfáltais cánach le roinnt blianta anuas;
- breis de €5.8 milliún in 2008 (lena mbaineann €2.2 milliún do Chaipiteal) d'fhorbairt agus d'uasghrádú chórais TE na gCoimisinéirí Ioncaim;
- acmainní breise de €44.5 milliún d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) le maoiniú a dhéanamh ar cheannach suíomhanna do chlár díláraithe an Rialtais agus do stáisiún nua Gardaí;
- breis de €18 milliún don OPW do thionscadail faoisimh tuilte i roinnt áiteanna ar fud na tíre;
- breis de €2 milliún de dheontas i gcabhair don Fhoras Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta do chostais a bhaineann le hathrú go háitreabh nua; agus
- breis de €0.25 milliún le freastal a dhéanamh ar thiomantas an Rialtais Coimisiún ar Chánachas a bhunú.

Tá mion-Mheastacháin do 2008 do na Ranna agus na hOifigí cuí áirithe idir leathanaigh I.27 go I.46.

GRÚPA EALAÍON, SPÓIRT & TURASÓIREACHTA

Is é an Caiteachas Comhlán don Ghrúpa seo lena n-áirítear an Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta agus an Gailearaí Náisiúnta €714.4 milliúin in 2008, ardú de €46.1 milliún (€22.6 milliún Reatha agus €23.5 milliún Caipiteal) ar an Meastachán Réamhbhuiséid. Is iad na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus sna blianta ina dhiaidh sin i dteannta roinnt coigiltis ó réimsí eile:-

- breis acmhainní de €4.5 milliún le feabhas a chur ar an tseirbhís do thurasóireacht a sholáthraíonn Fáilte Ireland;
- breis de €5 milliún don Chiste Margaíochta Turasóireacht d'athbhrandáil an táirge turasóireachta Éireannaigh agus le maoiniú a dhéanamh ar thionscnaimh thurasóireachta do réigiún na Sionainne;
- ardú de €6 milliún i maoiniú do Chomhairle Spóirt na hÉireann le tuilleadh tacaíochta a sholáthar do ghníomhaíochtaí spóirt ar fud na tíre;
- soláthar breise de €37 milliún i dtreo ranníoc €191 milliún an Rialtais i leith chostas Staid Nua Bhóthar Lansdúin;
- ardú de €12.5 milliún le tuilleadh feabhais a chur ar shaoráidí ealaíon agus cultúir ar fud na tíre;
- ardú de €2 milliún sa mhaoiniú do Bhord Scannán na hÉireann

Tá mion-Mheastacháin do 2008 don Roinn seo agus don Gailearaí Náisiúnta leagtha amach ar leathanaigh I.77 and I.72 faoi seach.

GRÚPA AN TAOISIGH

Is é an Caiteachas Comhlán don Ghrúpa seo lena n-áirítear Roinn an Taoisigh agus roinnt vótaí eile (lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh agus oifigí éagsúla dlí) ná €203.2 milliún in 2008, ardú de €12.9 milliún in 2008 i gcoibhneas leis an Meastachán Réamhbhuiséid. Is caiteachas Reatha é an t-ardú ar fad. Is iad na príomhfheabhsúcháin a dhéanfar a sheachadadh in 2008 agus sna blianta ina dhiaidh sin:-

- Tuilleadh acmhainní de €2.2 milliún le soláthar a dhéanamh do na costais a bhaineann leis an obair ar an bhFóram Náisiúnta ar an Eoraip ó thaobh díospóireacht agus plé a éascú ar cheisteanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach, ról na hÉireann laistigh den Aontas agus Conradh Leasaithe an AE;
- breis de €0.75 milliún le soláthar a dhéanamh do na costais a bhaineann leis an gclár Athbhreithniú Eagraíochtúil sa státseirbhís a chuirfidh ar fáil sraith tuairiscí faoi acmhainn Ranna Rialtais aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo;
- breis de €4.1 milliún don Phríomh-Oifig Staidrimh le soláthar a dhéanamh do níos mó sonraí ar cháilíocht níos airde (lena n-áirítear réimsí ioncaim earnálacha agus praghsanna títhe) agus le costas traschomhlíonadh do thionscal a laghdú; agus
- breis de €5.7 milliún do chostais riaracháin bhreise in oifigí dlí.

Tá na mion-Mheastacháin do na Ranna agus na Gníomhaireachtaí cuí san áireamh idir leathanaigh I.28 go I.42.

CLÚDAIGH CAIPITIL ILBHLIANTÚLA 2008–2012

Tá na Clúdaigh Caipitil Ilbhliantúla do gach Grúpa Vóta Aireacha don tréimhse 2008-2012 tugtha cothrom le dáta i gcomhthéacs leithroinnt caiteachais Bhuiséad 2008 agus tá siad leagtha amach i dTábla 1 de *Summary Public Capital Programme (PCP)* ag leathanach 1.97 den I.97 den imleabhar seo. Tugann an Summary PCP sonraí freisin de chaiteachas Caipitil feadh gach Grúpa Vóta ar bhonn chlár ar chlár do 2007 agus 2008 agus tá na leithroinntí fomhíreanna do gach Vóta leagtha amach go hiomlán sna Meastacháin.

In Imlíne soláthraíonn an Creat Oibre Infheistíochta Caipitil Ilbhliantúil do chaiteachas Caipitil a choinneáil ag 5½% de GNP agus níos airde i ngach ceann de na cúig bliana amach romhainn le caiteachas carnach Caipitil thar an tréimhse níos airde ná €56 billiún (a bhfuil beagnach €47 billiún de maoinithe ag an Státchiste agus os cionn €9 billiún de maoinithe ag PPPanna). Éascóidh an tiomantas inbhuanaithe seo d'infheistíocht Caipitil thar an meántearma an rolláil amach leanúnach ar an *bPlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013* le tabhairt faoi easnamh infratruchtúir na hÉireann agus geilleagar iomaíoch atá ag fás.

Ar an mbonn sin is ionann infheistíocht Caipitil iomlán, ag tabhairt isteach infheistíochtaí PPP agus cinn maoinithe ag muirir úsáideoirí agus cion an-mhór de GNP de réir chaighdeáin idirnáisiúnta mar atá achoimrithe thíos.

Caiteachas faoin gCreatoibre Infheistíochta Caipitil Ilbhliantúil 2008-2012

| <i>Bliain</i> | <i>2008</i> | <i>2009</i> | <i>2010</i> | <i>2011</i> | <i>2012</i> |
|---------------|-------------|-------------|-------------|-------------|-------------|
| % deGNP | 5.6% | 6.3% | 6.1% | 5.8%* | 6.2%* |

* ag baint leasa as teilgin theicniúla, agus ní teilgin fhoirmiúla do GNG sna blianta sin

ATHBHREITHNIÚ ÉIFEACHTACHTA 2008

Bainfidh na paraiméadair seo a leanas leis an Athbhreithniú Éifeachtachta atá molta ag an Taoiseach

- Beidh ar gach Roinn iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas riaracháin faoina aegis féin nó aegis a chuid comhlachtaí stáit.
- Beidh orthu faoin 1 Márta 2008 moltaí sonracha a sholáthar don Roinn Airgeadais le huasmhéadú a dhéanamh ar choigiltis riaracháin ina réimse.
- Déanfar athbhreithniú orthu sin sa Roinn Airgeadais ag baint leasa as saineolaithe éifeachtachta más gá agus tabharfaidh siad sin tuairisc don Rialtas.
- Bainfear leas as na coigiltis sin le costas a laghdú ar na leibhéil seirbhísí atá ann do 2009 agus aon Roinn nach ndéanfaidh amhlaidh caillfidh sí amach sa bhábta caiteachais do 2009.
- Réimsí spéise a d'fhéadfadh a bheith ann ná neamhéifeachtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr iliomad Bord agus Gníomhaireachtaí; an gá le seirbhísí áirithe a roinnt níos fearr; éifeachtachtaí ó thaobh bainistíochta, taistil agus intomhaltáin go ginearálta.
- Níor chóir go gcuirfeadh na bearta a aithneofar as do chothabháil seirbhísí líne tosaigh.
- Beidh ar gach Rúnaí Ginearála insint don Choiste Oireachtais cuí faoi na coigiltis agus déanfar é nó í a cheistiú fúthu.
-

Tosóidh an próiseas gan mhoill.

Airítear mar shampla ar chostais riaracháin feidhmeanna cúloifige mar acmhainní airgeadais, daonna, TE, seirbhísí dlí, saoráidí bainistíochta, seirbhísí taistil, margaíocht, cumarsáid. Tá na costais fála ann freisin do na hearraí agus na seirbhísí éagsúla a cheannaíonn an earnáil phoiblí. D'fhéadfadh éifeachtachtaí a bheith freisin i seirbhísí trasghníomhacha a sholáthraíonn an tseirbhís phoiblí m.sh bailiú cánacha agus táillí, sochair a sholáthar, sonraí a bhailiú, feidhmeanna cláraithe etc. Tá go leor coigealtas tábhachtach déanta cheana féin i réimsí áirithe.